TREOIRLÍNTE MAIDIR LE DÍFFHIBRILEOIRÍ

Coiste Leighis, Eolaíochta agus Leasa CLG

Aidhm na Cáipéise

Is é aidhm na cáipéise seo ná léargas ginearálta a thabhairt do chlubanna maidir leis an tábhacht a bhaineann le dífhibrileoirí agus le cur síos a dhéanamh ar na treoirlínte a bhaineann le réimsí tábhachtacha ar nós cúrsaí sealbhaithe, rochtana, stórála, traenála agus cothabhála. Tá tuilleadh eolais ar fáil faoi dhífhibrileoirí ó Bhainisteoir um Leas Imreoirí CLG, Eoghan Tuohey ag eoghan.tuohey@gaa.ie

Cúlra Dífhibrileoirí

Is éard atá in uath-dhífhibrileoir seachtrach (AED) ná gléas iniompartha a dhéanann an croí a sheiceáil. Más gá, is féidir leis turraing leictreach a chur chuig an gcroí le hiarracht a dhéanamh gnáthrithim croí a fháil ar ais an athuair. Úsáidtear dífhibrileoirí le tabhairt faoi stad tobann cairdiach. Fadhb é stad tobann cairdiach ina stopann an croí ag bualadh go tobann, gan aon súil leis. D'fhéadfadh duine bás a fháil muna dtabharfaí an chóireáil cheart dó/di taobh istigh de chúpla nóiméad.
Tá 'galar cardashoithíoch' ar an ngalar is mó a mharaíonn daoine in Éirinn le isteach is amach ar 10,000 bás in aghaidh na bliana dá bharr. Stad tobann cairdiach is cúis le 6,000 acu sin agus tarlaíonn 70% acu taobh amuigh d'ospidéil.
D'fhéadfadh le clubanna agus le heagrais spóirt ról a imirt trína dhéanamh cinnte go bhfuil siad réitithe le tabhairt faoina leithéid. Tá fianaise shuntasach ann a léiríonn go bhfuil tionchar mór ag dífhibrileoirí ar líon na ndaoine a mhaireann tar éis dóibh stad tobann cairdiach a bheith acu.

DÍFHIBRILEOIRÍ & CLG

Is é Coiste Leighis, Eolaíochta agus Leasa CLG a dhéanann maoirseacht ar chláracha CLG maidir le dífhibrileoirí agus tá siad ar fáil ag gach páirc baile de chuid na gcontaetha. Tá sé i gceist ag CLG a choinneáil orthu ag cur eolais ar fáil maidir leis an tábhacht a bhaineann le dífhibrileoirí agus tá tús curtha le roinnt scéimeanna dífhibrileoirí cheana féin.

2005

Scéim Fhóirdheonaithe na nDífhibrileoirí CLG
Na mílte dífhibrileoirí fóirdheonaithe ceannaithe ag clubanna de chuid CLG.

Fondúireacht Chormaic (bunaithe i gcuimhne ar Chormac Mac an Ailín)
Dífhibrileoirí curtha ar fáil do chlubanna CLG tríd an bhfondúireacht seo

2021
Clár Croí de chuid Phobal CLG

Ardán saincheaptha bailithe airgid do chlubanna le hairgead a bhailiú le haghaidh dífhibrileoirí a cheannach

Is iomaí club a bhain leas as na scéimeanna thuasluaite. Bheartaigh clubanna eile dífhibrileoirí a cheannach go neamhspleách agus bhain siad úsáid as a gcuid acmhainní féin.

Tá acmhainn luachmhar á cur ar fáil acu dá gcuid ball agus dá gcuid pobal sa chás go mbeadh tarrtháil le tabhairt in am an ghátair. Tá a fhios againn gur sábháladh 42 duine a bhuíochas do dhífhibrileoirí i gclubanna de chuid CLG le blianta beaga anuas. Creideann muid go bhfuil an uimhir seo i bhfad níos airde, áfach.

PRÍOMHRÉIMSÍ FÓCAIS

Is iad seo a leanas na ceithre phríomhréimse fócais do Chlubanna CLG maidir le dífhibrileoirí:

Dífhibrileoir a fháil

Tá roinnt soláthróirí dífhibrileoirí ann ach, ó 2005 i leith, tá lacáiste ar fáil do chlubanna CLG ó Heart Safety Solutions mar chuid de Scéim Dífhibrileoirí an Chumainn.

Is féidir le clubanna dífhibrileoirí a cheannach díreach ó Heart Safety Solutions ar phraghas laghdaithe ach teagmháil a dhéanamh leo ag info@hearts.ie nó ag dave@hearts.ie.

Moltaí – Cá mhéad dífhibrileoir ar chóir a fháil don chlub?

- B'fhéidir go dteastódh níos mó ná dífhibrileoir amháin ó chlubanna a bhfuil áiseanna móra acu d'fhonn a chinntiú nach mbeadh an dífhibrileoir riamh níos mó ná trí nóiméad ón duine a bhfuil stad tobann cairdiach aige/aici. Sa chás go mbíonn clubanna ag imirt agus ag traenáil in áiteanna éagsúla, ba chóir dóibh smaoineamh ar dhífhibrileoirí a chur ar fáil i ngach ionad atá in úsáid acu.

Rochtain agus Stóráil

♥ Tá sé an-tábhachtach dífhibrileoirí a stóráil i gceart agus cúram a dhéanamh díobh.

♥ D'fhéadfadh sé tarlú nach n-oibreodh na dífhibrileoirí i gceart dá ndéanfaí neamhaird de mholtaí an déantóra.

♥ Tá sainchaibinéid don taobh amuigh ar fáil ó réimse leathan soláthróirí ar fud na tíre (féach thíos le haghaidh sonraí teagmhála).

♥ B'fhearr teileafón le líne thalún a oibríonn i gceart a bheith gar don dífhibrileoir le déanamh cinnte gur féidir teacht ar lucht na seirbhísí éigeandála.

♥ Tá an áit ina bhfuil an dífhibrileoir lonnaithe tábhachtach. Léiríonn an taighde dúinn go bhfuil seans níos fearr ann go sábhálfar duine má úsáidtear é taobh istigh de 3 nóiméad ó thosaíonn an stad tobann cairdiach.

- Moltar gan an dífhibrileoir a chur faoi ghlas ar fhaitíos go mbeadh deacrachtaí teacht air i gcás éigeandála.

- Má tá an dífhibrileoir á stóráil i gcaibinéid taobh amuigh, ba chóir go gcuirfeadh aláram feisithe atá le feiceáil go soiléir bac ar leithéidí loitiméireachta nó gadaíochta (féach na sonraí teagmhála thíos maidir le caibinéid le haláraim a fháil). Is iomaí dífhibrileoir atá ar fáil na laethanta seo a bhfuil córais rianaithe GPS mar chuid díobh.

- Ba chóir go mbeadh comharthaíocht chuí ann le tabhairt le fios cá bhfuil an dífhibrileoir agus le go mbeadh teacht air go tapa, go háirithe más taobh istigh nó in áit nach bhfuil le feiceáil go héasca atá sé.

Moltaí – Cá bhfuil an dífhibrileoir?

♥ *D'fhéadfadh níos mó ná dífhibrileoir amháin a bheith ag teastáil ó chlubanna a bhfuil áiseanna móra acu nó le níos mó ná páirc imeartha amháin, le cinntiú go mbeadh an dífhibrileoir ar fáil don duine taobh istigh de thrí nóiméad ó thosaíonn an stad tobann cairdiach.*

♥ *B'fhearr go mbeadh teileafón le líne thalún atá ag obair gar don dífhibrileoir, le cinntiú gur féidir teacht ar na seirbhísí éigeandála sa chás go mbíonn stad tobann cairdiach ag duine.*

♥ *Má tá an dífhibrileoir á stóráil taobh amuigh, ba chóir é a choinneáil i gcaibinéad ina bhfuil aláram ann. Déan teagmháil le info@hearts.ie nó le dave@hearts.ie le haghaidh tuilleadh eolais.*

♥ *Ba chóir go mbeadh an chomharthaíocht chuí ann más taobh istigh atá an dífhibrileoir á stóráil.*

COTHABHÁIL

Sheol CLG/Cumann Imreoirí Gael an feachtas ACT i gcomhar le Heart Safety Solutions thiar sa bhliain 2011. Ba é an aidhm a bhí taobh thiar de ná clubanna a spreagadh le déanamh cinnte go raibh a gcuid dífhibrileoirí ag obair i gceart. Iarrann an feachtas ar chlubanna a bhfuil dífhibrileoirí acu, nó atá ag smaoineamh ar cheann a fháil, trí chéim shimplí a d'fhéadfadh duine a choinneáil beo, a leanúint. 'A', déan cinnte go bhfuil an dífhibrileoir ar fáil go héasca (Accessible). 'C' déan cinnte go bhfuil sé lochtaithe agat (Charge) agus 'T' déan cinnte go bhfuil daoine traenáilte lena úsáid (Train).

♥ A (Accessible) – déan cinnte go bhfuil an dífhibrileoir á stóráil in áit a bhfuil sé éasca teacht air. D'fhéadfadh chuile nóiméad a bheith cinniúnach. Tá aonaid speisialaithe ar fáil lena stóráil taobh amuigh.

- C (Charged) – déan cinnte go bhfuil an dífhibrileoir go hiomlán lochtaithe agus go ndéantar tástáil air gach seachtain. Déan cinnte nach bhfuil an dáta éaga istigh ar an gcadhnra agus ar na pillíní (pacáistí pillíní). Cabhróidh an seicliosta a thagann leis an dífhibrileoir le hiniúchtaí a dhéanamh gach seachtain

- T (Traenáilte) – Déan cinnte go bhfuil a dhóthain tarrthálaithe TRAENÁILTE ann nuair a bhíonn daoine ag an gclubtheach nó ar na páirceanna imeartha le linn seisiún traenála chomh maith le cluichí.

Is féidir le clubanna de chuid CLG tairiscint chothabhála a fháil ó Heart Safety Solutions. Áirítear iniúchadh ar chadhnraí, phillíní, threalamh coimhdeach agus ar earraí crua sa tairiscint seo. Déan teagmháil le eoghan.tuohey@gaa.ie le haghaidh tuilleadh eolais faoin tairiscint seo.

Moltaí – Cothabháil

♥Ní rud casta é aire a thabhairt do dhífhibrileoirí. Moltar a chinntiú go bhfuil gach rud ag obair i gceart uair sa tseachtain.

♥ B'fhéidir go mbeadh níos mó ná dífhibrileoir amháin ag teastáil ó chlubanna a bhfuil áiseanna móra acu agus níos mó ná páirc imeartha amháin. Chinnteodh sé seo go bhféadfaí an dífhibrileoir a thabhairt a fhad leis an duine a mbeadh sé ag teastáil uaidh/uaithi taobh istigh de thrí nóiméad.

- Moltar teileafón le líne thalún atá ag obair i gceart a bheith gar don dífhibrileoir le cinntiú gur féidir teacht ar na seirbhísí éigeandála i gcás go bhfuil stad tobann cairdiach ag duine.

♥ Má tá an dífhibrileoir á stóráil taobh amuigh ní mór é a choinneáil i gcaibinéid a bhfuil aláram ann. Tuilleadh eolais ag info@hearts.ie.

♥ ***Ba chóir go mbeadh na comharthaí cuí le feiceáil má tá an dífhibrileoir á choinneáil taobh istigh.***

♥ ***AN RAIBH A FHIOS AGAT? MAIREANN DÍFHIBRILEOIRÍ THART AR OCHT MBLIANA AGUS BÍONN GÁ LE CINN NUA A FHÁIL INA DHIAIDH SIN. FIAFRAIGH DEN CHOMHLACHT A CHUIR AN DÍFHIBRILEOIR AR FÁIL CÁ FHAD A MHAIREANN SÉ.***

TRAENÁIL

Ní gá traenáil a bheith agat in úsáid dífhibrileoirí. Nuair atá an dífhibrileoir á úsáid agat tugtar treoir chéim ar chéim duit.

Is faoin gcontae/gclub féin atá sé a shocrú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad ag iarraidh plé le soláthróir ar leith agus traenáil á heagrú acu. Tá go leor comhlachtaí éagsúla ann a chuireann traenáil ar fáil in úsaid dífhibrileoirí do ghrúpaí móra.

- Tá traenáil ar fáil, freisin, ó ghréasán náisiúnta comhlachtaí traenála atá bainteach le Foras Croí na hÉireann. Déan teagmháil le Foras Croí na hÉireann ag www.irishheart.ie le haghaidh tuilleadh eolais nó leis an British Heart Foundation (6 contae). Déan teagmháil le BHF ag www.bhf.org.uk.
- Is féidir le contaetha/clubanna teagmháil a dhéanamh lena gcuid Freagróirí Pobal ar dTús, freisin, ag www.cfr.ie. Cuireann siad eolas ar fáil maidir le traenáil in úsáid dífhibrileoirí.
- Tá sé tábhachtach go nĤeagraítear an traenáil i gcomhar le comhlacht aitheanta a bhfuil creidiúnú faighte aige. Is féidir treoir a fháil ó na heagrais thuasluaite maidir leis seo.

MOLTAÍ – TRAENÁIL

- *Moltar liosta de dhaoine atá traenáilte in úsáid dífhibrileoirí a choinneáil cóngarach don dífhibrileoir ina bhfuil a gcuid uimhreacha gutháin luaite air.*
- *Ba chóir go mbeadh réimse leathan ball traenáilte in úsáid dífhibrileoirí ina n-áirítear imreoirí, cóitseálaithe, baill choiste chomh maith le réiteoirí ón gclub. Chinnteodh sé seo go mbeadh duine éigin i gcónaí thart ag seisiúin traenála agus ag cluichí atá traenáilte in úsáid dífhibrileoirí.*
- *Más féidir, ba chóir go mbeadh ball club atá traenáilte in úsáid dífhibrileoirí ag gach seisiún traenála agus ag gach cluiche.*
- *Ba chóir do chlubanna teagmháil a dhéanamh le dreamanna a chuireann traenáil ar fáil atá aitheanta agus a bhfuil creidiúnú acu le lacáiste a lorg le haghaidh traenála do ghrúpaí móra.*
- *Tá gá le hatraenáil leanúnach in úsáid dífhibrileoirí (moltar é seo a dhéanamh gach 2 bliain) agus le traenáil do ghrúpaí móra ar bhonn rialta.*

Soláthróir Traenála	Ríomhphost	Suíomh Idirlín
Foras Croí na hÉireann	info@irishheart.ie	www.irishheart.ie
British Heart Foundation	heretohelp@bhf.org.uk	www.bhf.org.uk
Freagróirí Pobal ar dTús	info@cfr.ie	www.cfr.ie

ACHOIMRE AR NA PRÍOMHPHOINTÍ

- Tá líon suntasach fianaise ann a thugann le fios go bhfuil tionchar mór ag dífhibrileoirí, nuair atá siad ar fáil go luath le linn stadanna tobanna cairdiacha, ar rátaí maireachtála.
- D'fhéadfadh go mbeadh níos mó ná dífhibrileoir amháin ag teastáil ó chlubanna a bhfuil áiseanna móra acu le déanamh cinnte go bhfuil an dífhibrileoir ar fáil do dhuine le stad tobann cairdiach taobh istigh de thrí nóiméad.
- B'fhearr go mbeadh teileafón, le líne thalún atá ag obair, in aice leis an dífhibrileoir le déanamh cinnte gur féidir teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí éigeandála.
- Má tá an dífhibrileoir á stóráil taobh amuigh, ba chóir go mbeadh sé á stóráil i gcaibinéad nach bhfuil faoi ghlas. B'fhearr go mbeadh aláram orthu le bac a chur ar loitiméireacht nó ar ghadaíocht. Tuilleadh eolais ó info@hearts.ie.
- Má tá an dífhibrileoir á stóráil taobh istigh bíodh na comharthaí cuí ann le tabhairt le fios cá bhfuil sé.
- Ba chóir go mbeadh róta ar leith ann maidir le cothabháil an dífhibrileora agus ba chóir taifead a choinneáil de gach rud a bhaineann leis.
- Ba chóir do chlubanna dul i mbun plé le soláthróirí traenála a bhfuil creidiúnú acu le lacáiste a lorg do ghrúpaí móra.
- Ba chóir go mbeadh liosta ar leith ann de dhaoine atá traenáilte i ndífhibrileoirí a úsáid, chomh maith lena gcuid uimhreacha fóin, agus ba chóir go mbeadh an liosta sin taobh leis an dífhibrileoir.
- Ba chóir go mbeadh réimse leathan ball traenáilte in úsáid dífhibrileoirí ina n-áirítear imreoirí, cóitseálaithe, baill choiste agus réiteoirí de chuid an chlub le cinntiú go bhfuil an oiread daoine agus is féidir ann, atá traenáilte in úsáid dífhibrileoirí, le linn seisiún traenála agus cluichí.
- AN RAIBH A FHIOS AGAT? MAIREANN DÍFHIBRILEOIRÍ THART AR 8 MBLIANA AGUS IS GÁ CEANN NUA A FHÁIL INA DHIAIDH SIN. FIAFRAIGH DEN CHOMHLACHT A CHUIR AN DÍFHIBRILEOIR AR FÁIL CÁ FHAD A MHAIREANN SÉ.

Tá tuilleadh eolais ar fáil faoi Scéim Dífhibrileoirí CLG ach ríomhphost a chur chuig: eoghan.tuohey@gaa.ie

If you would like more information on the GAA Defibrillator Scheme, please email –

eoghan.tuohey@gaa.ie

CLUB CLG – SEICLIOSTA RÉITITHE AN DÍFHIBRILEORA

Áit Stórála an Dífhibrileora		**Dáta na Seiceála**	
Modúl an Dífhibrileora		**Seiceáilte Ag**	
Sraithuimhir.		**Síniú**	

Áit Stórála an Dífhibrileora	**Seiceáilte**	**Céimeanna Tógtha**
Tá an dífhibrileoir le feiceáil		
Tá sé éasca teacht ar an dífhibrileoir		
Tá na comharthaí don dífhibrileoir soiléir agus soléite		
Tá an dífhibrileoir stóráilte i gceart		
AED Condition	**Seiceáilte**	**Céimeanna Tógtha**
An dáta a rinneadh/aois an dífhibrileora		**** Má tá an dífhibrileoir os cionn 8 mbliana d'aois ní mór é a athrú. Tá seans ann go bhfuil baránta an déantóra imithe in éag. Fiosraigh an scéal leis an déantóir nó cuir ríomhphost chuig dave@hearts.ie***
An solas atá mar chomhartha seirbhíse ag obair		
Níl an stádas cadhnra as dáta		
Tá cuma mhaith ar / níl damáiste déanta de chás iompair an dífhibrileora		
AED Components	**Seiceáilte**	**Céimeanna Tógtha**
Dhá sheit pillíní dífhibrileora do dhaoine fásta		
Níl na pillíní dífhibrileora do dhaoine fásta as dáta		
Tá na pillíní dífhibrileora do dhaoine fásta i bpaicéad dúnta		
Dhá sheit Pillíní Dífhibrileora Péidiatraice		
Níl na pillíní dífhibrileora péidiatraice as dáta		
Tá na pillíní dífhibrileora péidiatraice i bpaicéad dúnta		
Fearas bunúsach tacaíochta beatha	**Seiceáilte**	**Céimeanna Tógtha**
Masc póca le comhla aontreo is féidir a úsáid agus é stóráilte sa bhosca		
Miotóga scrúdaithe is féidir a úsáid agus iad stóráilte sa bhosca		
Rásúir shábháilte is féidir a úsáid agus iad stóráilte sa bhosca		
Deimheas le héadaí a ghearradh is féidir a úsáid agus é stóráilte sa bhosca		
Tuáille glan is féidir a úsáid agus é stóráilte sa bhosca		

Tuilleadh Eolais/Lochtanna Feicthe

Cóip den Seicliosta: Curtha ar aghaidh chuig Feidhmeannas an Chlub CLG

Tá ◯ **Níl** ◯

GLUAIS TÉARMAÍ

- Dífhibrileoir

Is gléas iniompartha é an dífhibrileoir a dhéanann seiceáil ar rithim an chroí. Nuair a bhíonn sé ag teastáil, tugann sé turraing leictreach don chroí ag súil go dtosóidh an croí ag bualadh i gceart arís dá bharr. Úsáidtear dífhibrileoirí le tabhairt faoi stadanna tobanna cairdiacha.

- Buille croí neamhrialta neamhrithimeachta

Is féidir leis an gcroí bualadh go róthapa, go rómhall nó ar bhealach neamhrialta.

- Dífhibriliú

Tarlaíonn sé seo nuair a thugann duine atá traenáilte in úsáid dífhibrileoirí turraing leictreach do chroí duine le dífhibrileoir, d'fhonn rithim an chroí a chur ag bualadh i gceart arís.

- CPR

CPR, póg na beatha, athbheochan, suathaireacht croí. Focail iad seo a úsáideann na meáin agus an mórphobal d'athbheochan chardascamhógach.

- SCA

Is riocht é stad tobann cairdiach ina stopann an croí ag bualadh go tobann agus gan súil ar bith leis. D'fhéadfadh duine bás a fháil leis seo taobh istigh de chúpla nóiméad mura dtiocfaí i gcabhair air/uirthi.

- SCD

Tá córas leictreach ionsuite sa chroí, a chuireann ag obair é. Má chuirtear isteach air seo, ní féidir leis an gcroí fuil a phumpáil timpeall na colainne. Ní oibríonn an intinn i gceart muna bhfuil soláthar fola á phumpáil ag an gcroí agus titeann an duine atá ag fulaingt leis an riocht seo agus cailltear iad cúpla nóiméad ina dhiaidh sin.